





Giuseppe Marci

LITRÍOCHT  
NA SAIRDÍNE

*I láthair gach aon teanga an domhain mhóir*

LÁRIONAD NA FOCLEOLAÍOCHTA SAIRDÍNÍ/CUEC/COISCÉIM

Comhordú eagraíochta  
LÁRIONAD NA FOCLEOLAÍOCHTA SAIRDÍNÍ / CUEC

GIUSEPPE MARCI  
*Litríocht na Sairdíne*  
*I láthair gach aon teanga an domhain mhóir*

FOILSITHEOIR CUEC © 2010

Céad eagrán Deireadh Fómhair 2010  
ISBN: 978 88 8467 601 6

ARNA AISTRIÚ GO GAEILGE AG COLIN PARMAR

Achoimre e seo de leabhar Giuseppe Marci:  
*In presenza di tutte le lingue del mondo. Letteratura sarda*  
(Cagliari, Láronad na Focleolaíochta Sairdíní / Cuec, 2005)

CENTRO DI STUDI FILOLOGICI SARDI (LÁRIONAD NA FOCLEOLAÍOCHTA SAIRDÍNÍ)  
Via Bottego, 7 - 09125 Cagliari - An Iodáil  
Teil. 070344042 - Facs 0703459844  
[www.filologiasarda.eu](http://www.filologiasarda.eu)  
[info@centrostudifilogici.it](mailto:info@centrostudifilogici.it)

CUEC  
Via Is Mirrionis 1, 09123 Cagliari, An Iodáil  
Teil/facs 070271573 - 070291201  
[www.cuec.eu](http://www.cuec.eu)  
[info@cuec.eu](mailto:info@cuec.eu)

COISCÉIM  
TigBhríde, 91 Bóthar Bhinn Éadair, Páirc na hhFianna, Binn Éadair, Baile Átha Cliath 13.  
Foilsitheoirí Leabhair Gaeilge  
Fón: 00353 (0)18322509 - Facs: 00353 (0)18320131  
[coisceim@coisceim.ie](mailto:coisceim@coisceim.ie) - [www.coisceim.ie](http://www.coisceim.ie)



Arna phriontáil ag: *Il Legatore*, Cagliari

Léaráid an chlúdaigh:  
*Sardigna* le Pinuccio Sciola (grianghraif le Giorgio Dettori)

## Adhmholadh an tsairdíneachais

Tá sé de thréith ag an tSairdín, ag a stair agus ag saothair a cuid scríbhneoirí go raibh *caidreamh* ag na Sairdínigh le ciníocha, le cultúir agus le teangacha éagsúla agus gur chum siad a leagan cainte féin *i láthair gach aon teanga an domhain mhór*, de bharr na bpobal uiligeas a casadh orthu i mbun taistil, trádála nó troda.

Is casta í fadhb na Sairdínise agus a húsáide sa scríbhneoireacht mar de réir cosúlachta tá an seanteanga seo gann i dtraigisiún na scríbhneoireachta, ach is an-tacaíocht léi an ceangal tairbheach idir béaloideas agus scríbhneoireacht agus an caidreamh atá aici le teangacha na gcultúr ceannasach. Seo mar a mhínítear feiniméan na scríbhneoirí a bhain úsáid as cineálacha éagsúla na Sairdínise agus as foirmeacha níos measctha fós den teanga agus iad ag cumadh a gcuid saothar, idir phróis agus fhilíocht, san fhichiú haois.

In *Éloge de la créolité*, deir Jean Bernabé, Patrick Chamoiseau agus Raphaël Confiant gur sheol siad “*la minutieuse exploration de nous-mêmes*”: tochaltán seandálaíochta nár mhaith leis rud ar bith a chailleadh dár adhlacadh de réir chaitheamh cráite na staire.

Go fiú inár gcás féin, caithfidh an *tochaltán* na sraitheanna inmheánacha *de nous-mêmes* a athchruthú, sraitheanna ár gcultúir, ár gcuid smaointe agus ár síceolaíochta.

Caithfimid athmheasúnú a dhéanamh ar stair míle bliana na Sairdíne, agus stair an phobail a chur ina ceartlár mar is é an pobal crann seasta na staire, cé gur beag nach rinneadh dearmad de i rith athdhéanamh staire agus staire liteartha. Is amhlaidh go bhfuil méid athraitheach de chineálacha Sairdíne ann (an tSairdín Phéiníceach-Phúnach, an tSairdín Rómhánach, an tSairdín Chatalónach-Aragónach, an tSairdín Shaváíoch): is annamh a dhéantar staidéar nó cur síos ar an pobal atá ina chónaí ar an Oileán leis na mílte bliain, ar an dóigh a shamhláíonn an pobal sin é féin agus an áit, agus ar dhearcadh an phobail ar an domhan, rudaí a thugann an aontacht do stair na Sairdíne.

Tá na Sairdínigh ann sa spás céanna ó thaobh tíreolaíochta de,

spás a aithnítear go mór óna dhreach oiléánach. Tá an t-eolas mór atá againn faoin láithreacht seo cothrom leis an aineolas. Agus is cosúil go gceadaíonn an t-aineolas seo dúinn meas faoina luach a thabhairt don eolas. Ag an am céanna, cuireann an t-eolas iachall orainn aire a thabhairt agus, go pointe áirithe, ceapadh ann a bhfuil as ó thaobh na gcáipéisí de.

Is amhlaidh is mó agus muid i réimse na cumarsáide liteartha agus mar sin i réimse aireachtáil agus léiriú na réaltachta nó, ba chóir a rá, taobh istigh den chomhghnás a cheangláionn an scríbhneoir agus an léitheoir.

I dtús báire caithfimid tabhairt san áireamh go bhfuil an tuairim chéanna ag léitheoirí agus ag scríbhneoirí Sairdíníneacha; de réir an tuairim seo, míniúnn Giuseppe Dessì scríbhneoir, ní hionann an t-am agus an t-am *stairiúil Eorpach*: neamhchorrach, “síorláthair” nach gcailleart rud ar bith inti agus a bhfanann gach rud reatha inti.

Sa litríocht tagaimid ar chuimhne na réanna geolaíocha inar cruthaíodh an chloch atá chomh tábhachtach sin go dtí an lá atá inniu ann i gcomhshamhlaíocht na Sairdíníneach, mar an gcéanna tagaimid ar chuimhne na seoltóireachta agus na trúdála, an chéad síl a cuireadh, an chéad fhíona a fáscadh ón fhíonchaor neart bliana sular tháinig an tsibhialtacht Núrágach.

Agus níl an dara rogha ar an scéal agus na mílte séadchomhartha, na *nuraghes*, ag déanamh faire, ní ar namhaid a thiocfadhbh ach ar chontúirt an dearmaid, ar eagla go gcailleart an féinchuimhne. Feictear torthaí na faire seo in úrscéalta Grazia Deledda, an *inphriontáil* a thagann di agus a léirítear i ndea-mheas a thugann sí ar na haidiachtaí ársa, *bunaíoch*, *réamhstairiúil*, le lá anallód cailte a shainmhíniú, am ar sracadh an pobal Sairdíníneach de agus a bhfuil siad ag iarraidh filleadh air.

Ag an am céanna caithfimid aird a thabhairt ar an chaidreamh atá fite ag na Sairdínigh leis an chultúr Laidineach ar dtús agus leis an chultúr Iodálach agus Spáinneach ina dhiaidh sin.

Ó thaobh áirithe den scéal, is féidir a rá gur *pribhléid* atá i gceist, go bhfuil seans againn amharc isteach i gcruiinní gradamacha cultúir agus mothú gur againne iad.

Tá caidreamh riamh ag na Sairdínigh le leithinis na hIodáile. Sheolaidís thar an Mheánmhuir na mílte bliain roimh Chríost, bhabhtálaidís oibsid leis na Liogúraigh, chuir siad tú le caidreamh

a mhair agus a neartaíodh le trádáil na n-earraí agus le nósanna teanga na Meánaoise. Ba doirse iad Genova agus Pisa go dtí a mbeadh ina hIodáil, go dtí an teanga, an cultúr agus an litríocht Iodálacha: rogha de dheoin a bhí i gceist a dearbhaíodh i rith an ré Spáinnigh agus a chuidíonn linn próiseas an Iodálaithe, a thosaigh na céadta bliain ina dhiaidh sin faoin aontas leis an Phíodmant, a thuiscent. Ní hamhlaidh go raibh siad ag tabhairt suas bhuntréithe a bhféiniúlachta féin, ach ag fáil dóigheanna breise le heisint na féiniúlachta sin a chur in iúl a bhí siad.



## Stair an Chultúir agus na Litríochta

Eascaíonn na Sairdínigh ó am fadó fadó agus níl insint béis ar an uair a thosaigh a stair. Agus b'fhéidir nach bhfuil aon chiall ann an cheist a chur cén ré a leagadh cos ar an oileán anallód. Más ea, is amhlaidh is lú ciall an cheist a chur cérbh é, cárbh as dó agus cén fáth ba í an tís sin féin a bhain sé amach, rogha réamhbheartaithe a bhí i gceist, nó ar thug sruth mara agus gaoth ansin é in aghaidh a thola?

Ón athair anaithnid sin agus ó na máithreacha a tháinig leis a rugadh cine a aithnímid agus a shainmhínímid de réir an t-aon fhírice cinnte amháin: an tSairdín a bheith mar áit chónaithe acu. Tá gach rud eile doiléir agus curtha trína chéile le caitheamh casta na mílaoiseanna, le síor-athnuachan na fola, an chultúir agus na dteangacha, athruithe nach raibh dul astu de thoisc na n-análacha as cuimse nach raibh neart ar a dteacht i dtír ar oileán i gceartlár na Méanmhara, caladh lárnach an lucht farraige, áit ar dual di coinní agus malartuithe.

De réir ceann de na príomhfhaisnéisí dá bhfuil againn, am éigin thart ar 7000 bliain roimh Chríost, d'iompair duine éigin oibsid ón tSairdín go dtí an Liogúir. D'úsáidtí an ghloine bholcánach sin sa Mheán-Chlochaois, agus ansin sa Nua-Chlochaois, le huirlísí, sceana agus reanna saighde nó sleá a dhéanamh. Ní fios cé a bhain í, cé a d'iompair í, nó cén long a sheol sé: cé acu muintir na háite nó Liogúraigh iad? Cé acu comhrac foréigneach agus smál an slada uirthi nó teagmháil cairdis de dheasca gá trádála? Cén saghas teanga a labhair siad lena chéile?

Ag an am sin bhíodh an chriadoireacht agus teicnící maisithe ag dul chun cinn, dhéantaí dealbha, tithe agus tuamaí, thógáltai liagchiorcail, bhí an megiliteachas á nocthadh, ag cur i gcuimhne dúinn rudaí cosúla ina lán réigiún in iarthaí na hEorpa, ó leithinis na hÍbéire go hÉirinn; bhí ag saothrú foirmeacha cultúrtha struchtúraithe a bhí inaithnithe de réir a gcuid príomhthréithe, cé gur toradh an tsaothair dhúchasaigh iad, léiríonn siad chomh maith an caidreamh le cultúir na Méanmhara oirthearáí agus le

cultúir leithinis na hIbéire i dteannta chultúir na hIodáile agus dheisceart na Fraince.

Is an-doiléir an scéal é agus cuittear ina luí orainn cé chomh fuinniúil agus a bhí sé nuair a mhachnaímid ar an dóigh a mheathlaigh trádáil na hoibside nuair a bhí úsáid na miotal ag dul chun cinn, agus Aois an Chopair (2900-2300 R.C.) mar thosú air. Ag an am sin tháinig “buile an mhiotail”, mar a thug Giovanni Lilliu seandálaí air. Bhí raidhse scileanna teicniúla ag na “miotalóirí” mar aon le dúil san eachtraíocht agus san éadáil a spreag iad le seoladh anoir ón Anatóil agus ó na hoileáin Aeigéacha go dtí leithinis na hIbéire, an Fhrainc, na tíortha Atlantacha agus Baltacha, leithinis na mBalcán, Málta agus an tSicil, agus an tSairdín.

Níl móran eolais againn faoin teanga a labhraídís sa Ré Réamh-Núrágach nó sa Ré Núrágach ina dhiaidh sin: níor mhair go dtí an lá inniu ach *iarsmaí* (atá le fáil sna logainmneacha agus sa stór focal) ó ré fiorársa a bhfuil tréithe Réamh-Ind-Eorpacha acu.

Lean an stair den tsúgradh, ag cur síos sraitheanna éagsúla i mullach a chéile agus cruthaíodh ábhar ruda ar cosúil gur *foshraith teanga réamh-Rómhánach* í atá dlúth go leor agus eilimintí sean-Sairdínise i gcuibhreann eilimintí Púnaise inti mar aon le hiarsmaí Ibéireacha a léiríonn baint leis an Bhascais. Ó thaobh an fhoghraíocht de, chuir Max Leopold Wagner teangeolaí in iúl gur féidir go raibh teagmháil leis an Ghascúin, leis an tSicil agus le deisceart na hIodáile, le canúintí Beirbeirise agus le tréithe áirithe de chuid fhoghraíochta Seimítí-Cheamaítí.

Níl a fhios an ionlán an scéil é seo nó nach bhfuil. Ón 8ú haois roimh Chríost atá fianaise cháipéiseach againn faoi na pobail éagsúla a tháinig i ndiaidh a chéile: na Féinícigh, na Cartagaigh, na Rómhánaigh, na Vandail, na Biosántaigh, na hArabaigh, muintir Pisa, muintir Genova, na Catalónaigh, na hAragónaigh, na Píodmantaigh. Modh oibre éagsúil gach uair, agus gach uair teilgean cainte nua: d’fhoghlaimtí focal agus chuirtí le seanteanga réamh-Ind-Eorpach iad, agus de réir a chéile rinneadh foshraith den tseanteanga, ach í beo beathach agus á nochtadh i bhfréamhacha focal áirithe agus ina lán logainmneacha agus i gclaochluithe na sraitheanna teanga os a cionn.

Is mó an t-aineolas ná an t-eolas againn, agus mar pháirt den

aineolas – agus tá orainn samhlú faoi mar níl aon *iarsma* ann i bhfréamh focail nó i logainm – tá streachaitl an tsaoil, eagla agus imní, dóchas agus dólás na ndaoine.

Ní dóigh gurbh fhurasta an teanga dhúchais a thabhairt suas de mhalaire ar theanga na Róimhe, mar a bhí riachtanach nuair a briseadh an caidreamh leis an Chartaig agus rinneadh proibhinnse Rómhánach den tSáirdín.

Mar an gcéanna, níl mórán eolais le fáil faoin chultúr agus faoin teanga ag an am sin. Tugann Wagner na haoiseanna “balbha” ar an tréimhse seo inar *súdh* na teangacha dúchais isteach i dteanga na Róimhe agus inar claochláiodh an Laidin go Sáirdínis.

Aoiseanna balbha. Dorchadas. Mar a bheadh i mbroinn loinge a ionpraíonn daoine ó mhór-roinn amháin go mór-roinn eile, in aghaidh a dtola agus le díspeagadh ar gach ceart.

Má tá foighne agat le breathnú ar chaitheamh an ama, sílfidh tú go fealsúnach go bhfuil deireadh ag gach ní, go fiú ag cumhacht na Róimhe. I ndiaidh an deiridh sin chuaigh an tSáirdín faoi smacht na Biosáinte. Tugann an teangeolaí an nuacht seo faoi deara mar is í an Ghréigis an teanga oifigiúilanois. Ina dhiaidh sin tháinig turnamh na hImpireachta Oirthearáí forsta, agus leis sin turnamh úsáid na Gréigise.

Ansin tharla rud gan choinne i dtír nach n-úsáideadh teanga dhúchais le haghaigh an riarracháin phoiblí leis na céadta bliain. Níl an Ghréigis ann níos mó agus chuaigh cultúr an Laidin “i ndísc”: bheadh contúirt ann go bhfágfaí na Sáirdínigh gan chaint gan chomhrá, murach acmhainn gan súil, an tSáirdínis sin as foshraith ársa réamh-Ind-Eorpach/Mheánmhurí agus *iarsmai* Púnacha agus Beirbeireacha, Ibéaracha agus Sicileacha, Iodálacha deisceartacha nó ó sheanteagmháil aineoil eile, mar sheoda tríthi, foshraith ar ar leagadh níos déanaí deascadh an Laidineachais.

Chuaigh na Sáirdínigh i muinín na teanga seo le haghaidh a gcuid doiciméad oifigiúil, scríofa i gcanúint a d'eascair i gcomhaimsir leis na teangacha Rómánsacha eile, nó fiú amháin rompu siúd. Ní miste a rá go raibh an t-ádh acu, agus tá sin le feiceáil go háirithe i gcomparáid le cás pobal, is léan linn a scéal, a chaill gach seans teanga leo féin a chruthú, a raibh agus a bhfuil orthu a bhféiniúlacht féin a chur in iúl trí theanga an náisiúin a chuir faoi chos iad.

Ós rud é nach raibh sa tSairdínis ach teanga labhartha go nuige sin a d'úsáidtí le cúrsáí an ghnáthshaoil a chur in iúl, go háirithe an fheirmeoireacht agus an aoireacht, is léir nach raibh cumas inti lom láithreach dul i mbun chúrsaí taidhleoireachta nó seansailéireachta nó na scríbhneoireachta níos uaisle.

Mar sin, mhúnlaigh na Sairdínigh a gcuid doiciméad de réir ar fhoghlaím siad ó na náisiúin a ghabh a dtír agus ó na náisiúin a raibh teagmháil taidhleoireachta, chultúir nó trádála acu leo – b'fhéidir go raibh siad glic trí fhonn marthana, nó b'fhéidir go dtáinig an chumasacht sin orthu i rith na tréimhse fada faoi chos i ndiaidh dheireadh na sibhialtachta Núrágaí. Ba dual don tír bheag a clann a chur soir chun léann a fháil i gcathracha leithinis na hIodáile, a raibh ollscoileanna cáiliúla inti, nó siar i gcathracha leithinis na hIbéire, a raibh ceangail trádála, taidhleoireachta agus cleamhnais acu leo fosta. Agus ag an am céanna,ní raibh an dara rogha ag tiarna an Stáit bhig thuathúil ach an cultúr mór a aithint a bhí ag forbairt ar an chónaí thuaidh i bProvença, port do longa a thrádáladh le deisceart na Fraince, agus le Genova agus le Pisa chomh maith.

Dá raibh cóimheá na gcumhactaí ann, mhairfeadh an *cluiche* leis na céadta bliain i gcothromaíocht gan athrú de bharr chaoithiúlachtaí polaitíochta, trádála agus cleamhnais. Ach bhí loighic áirithe ag baint le húdaráis na laethanta sin – an impireacht agus an phápacht – agus bháfaidís daonra beag bídeach ina chónaí i dtí a bhí ag tarraingt aird na gcumhactaí móra uirthi féin, agus ní raibh neart air.

Is dóigh nár thug duine ar bith ar an Oileán faoi deara nuair a thug Bonafás VIII Pápa Ríocht na Sairdíne agus na Corsaice mar fheod do Shéamas II rí na hAragóine an 4ú Aibreán 1297. Measadh gurbh é an beag is fiú é, b'fhéidir, go háirithe mar níor tharla faic go ceann sé bhliana is fiche. Faoi dheireadh i 1323 lainseáil Alfonsó na hAragóine sluaíocht chun an tSairdín a chló.

Bhí toradh na heachtra le feiceáil níos déanaí nuair ar fhás láithreacht na Catalóine; ruaigeadh Pisa ar dtús agus ansin Genova as an Oileán; briseadh an comhaontas idir an Arborea agus an Aragóin agus thosaigh cogadh dá bharr sin nár chríochnaigh go dtí 1409 nuair a bhuaigh na Catalónaigh go dearfach ar mhuintir na hArborea i gcath Sanluri.

Idir an dá linn bhí gorta (agus géarchéim gheilleagrach) ann i 1333 agus an phlá *dhubh* i 1348 agus ar ndóigh chuir siad seo isteach go dona ar an drochthreocht dhéimeagrafach a bhí ann cheana féin. Ach ina theannta sin fógraíodh an *Carta de Logu* i 1392, córas dlíthe Eleonora, banríon *Giudicato* (“breithiúnacht”) na hArborea, bhí sé scríofa i Saerdínis agus d’fhan sé i bhfeidhm go dtí 1827: comhartha láidir féiniúlachta do na Saerdínigh.

I 1421 leathnaíodh an *Carta de Logu* ar fud na Saerdíne. Mar sin bhí feidhm thábhachtach ag teanga na háite, in éineacht leis an Chatalóinis agus leis an Chaistílis, teanga Ríocht na Spáinne, i riadaradh an cheartais.

Is é an rud is sonraí ná go ndéanadh na teangacha sin aontíos ar mhodh iontach. Leathnaigh an Chatalóinis amach ó na cathracha mar a raibh sí níos forleithne timpeall ar na hionaid daonra i meán na tíre, chuir sí suas d'aontú Chorónacha na hAragóine agus na Caistíle agus chomhlíonadh sí a dualgais phoiblí léi go dtí 1643 nuair a d’úsáidtí an Chaistílis go buan le forógraí a dhéanamh. Rinne an Chaistílis, ar a seal, bealach isteach go domhain, chlóigh sí le toighis agus le hanam na Saerdíneach, leis an riachtanas iad féin a chur in iúl agus le castacht a ndomhain inmheánaigh.

Caithfear a rá, áfach, go bpreabann duine éigin aníos ag gach cor den stair chun achasán a thabhairt do na Saerdínigh nach bhfuil a theanga foghlamtha go maith acu. Is é an t-easpag Lúcifir (300-370) an scríbhneoir is ársa ar tugadh a leithéid de scalladh teanga dó, scríobhadh sé i saghas Laidine a mheastaí gur bheag nár bharbartha í. Mar sin tá an t-easpag as Cagliari ag túis thraigisiún liteartha na Saerdínise, ní hamháin de bharr a luaithe agus a scríobhadh sé, ach mar thosaigh seisean a scríobh ar mhodh a choinnigh na scríbhneoirí Saerdíneacha go dtí na linne seo. I gcás idir theangacha agus idir chultúir: is as riochtú chuínsí na stair agus as rogha phearsanta a rinneadh sainchomhartha pobail.

Mar sin chuir an Chaistílis fréamh sa tSaerdín agus bhí sí chomh huabreach sin gur sháraigh sí dheireadh fhorlámhas na Spáinne. Is beag an t-ionadh don chatalónachas agus don spáinnneachas a bheith flúirseach sa tSaerdínis agus is leis an tsaol sóisialta, le riarachán an stáit agus le réimse an reiligiúin agus an chultúir is mó a bhaineann siad.

Is í 1718 bliain Chonradh Londan a chuir an tSairdín in ainm Vittorio Amedeo II na Saváí.

Cá mhéad Sairdíneach a raibh a fhios an chomhaontais thaidhleoireachta acu? Dá raibh a fhios acu an mbeidís ar a shon nó ina choinne? Agus an mbeidís riamh in ann a thoradh a shamhlú, toradh comhaontais a cheangail í le Diúcacht an Phíodmant agus a rinne buthal phróiseas aontú na hIodáile de dhá réigiún a raibh startha éagsúla ar fad acu?

Tá go leor eolais againn anois le leathanach achrannach de stair an oiléain a athchruthú, leathanach ina dtéitear thar teorainn eile, ina gcruthaítéar cumha nua, leathanach lán de dhóchas agus de chonspóidíocht. Tá cuimhne na Spáinne cumhactaí ann, tá an frustrachas de dheasca an cheangail leis an Phíodmant beag agus an ghoimh nuair a fhionntar nach bhfuil na Saváí sásta lena seilbh nua; tá an sásamh as seanphrionsabal nár múchadh riamh a fháil ar ais, an *t-iodálachas*, agus tá a n-íomhá féin, a fheictear sa *tsairdíneachas* a mbíonn an stair ag síorbhualadh ina éadan. Tá gnáthfhadhbanna pobail 300,000 duine (11 duine an km<sup>2</sup>) scaipthe thar limistéar gan líonra cumarsáide, gan chosaint, maláireach, gach cianóg bainte de leis na céadta bliain.

Cruachás, ó thaobh na polaitíochta agus na heacnamaíochta de, ach saibhreas agus beogacht a bhí ann i réimse an chultúir agus na teanga. Téann an Spáinnis faoi (ach ní as); fanann an tSairdínis, agus dínit agus forbairt léi i leathanaigh na scríbhneoireachta; leathnaíonn an Iodáilis, teanga a bhfuil seantaithí uirthi.

Biaiste *athbhláthaithe* a bhí ann nach stadfadh go dtí blianta deireanacha na 18ú haoise, nuair a d'fhifi cúrsaí inmheánacha agus imeachtaí na polaitíochta Eorpaí lena chéile. Ar bhealach éigin bhí teacht cabhlaigh Fhrancaigh, ag tabhairt aghaidh ar an tSairdín a chur faoi smacht, mar mhaidhmitheoir. Chuir na Sairdínigh díobh an t-ionsaí; ghéaraigh an bua mothú a nirt agus, ina theannta sin, a ndóiteacht faoi dhíomas na bPíodmantach. Tharraing sin na laethanta i 1794 nuair a chomóir siad a gcuid smachtaitheoirí go dtí na longa le dea-bhéasaíocht gan locht agus chuir siad ar bord iad in éineacht lena maoin, agus an saibhreas uilg a charn siad le linn dóibh bheith i réim ar an Oileán san áireamh.

Seo an comhthéacs inar thit amach éirí amach Giovanni Maria Angioy, agus is féidir gur bheart in am na héigne a bhí ann agus teip

ar gach seift eile le dála an Oileáin a fheabhsú. I ndiaidh an imeachta *réabhlóidigh* seo cuireadh an tSairdín faoi chos go fiochmhar, rinneadh ár agus éirleach uirthi, múchadh gach dóchas agus bunaíodh próiseas na hathghairme thart faoi 15 bhliana sular cuireadh a leithéid d'fhéachaint ar ionlán na hEorpa ag Comhdháil Vín.

Thug Vincenzo Sulis (1758-1834) tuairisc chumasach faoi na himeachtaí seo, faoin chastacht agus faoin mheallacacht a bhaineann le leathanach dlúth eachtrach na staire, agus faoin taobh daonna a raibh páirt dhíreach aige ann, ina leabhar *Autobiografia*, scríofa i saghas Iodáilise ina measctar fuaiméanna agus brónna de chuid gach teanga a labhraítear sa tSairdín.

Cibé meas atá agat faoi, níl aon amhras ach gur mhór an cor cinniúna a tháinig ar stair an Oileáin i rith na 19ú haoise.

Ba í bliain an *chomhcheangail fhoirfe* í 1847 nuair a roghnaigh na Sairdínigh, i ndiaidh a lán conspóidíochta, a gcuid pribhléidí institiúideacha a thréigean le cumasc leis an Phíodmant. Tá cursa an *Risorgimento* ar an Oileán ar aon dul, den chuid is mó, le rogha na scríbhneoirí agus na scoláirí a chinn i leath deireanach na 19ú haoise ar scríobh in Iodáilis, go fiú nuair a scríobhaidís saothair a raibh riocht a dtíre dúchais agus suáilcí na seanghaiscíoch i dtréimhsí éagsúla na staire mar ábhar iontu.

D'fhéadfaí a rá gur trasnaíocht atá i gceist, murach go raibh na Sairdínigh ag roghnú arís eile an teanga ba chumasáí leo de réir an cháis, teanga de na teangacha atá acu cionn is go bhfuil ábaltacht i dteangacha éagsúla acu leis na céadta bliain, de riachtanas nó de rogha, agus go bhfuil siad in ann iad a úsáid scartha óna chéile nó trína chéile nó, ar chuma ar bith, ag nochtadh a dteanga féin, a dteanga "dhúchais", go fiú nuair atá teanga eile á scríobh acu.

Is í 1861 bliain Aontacht na hIodáile; d'eascair an aontacht seo ó fheidhmeanna dhá réigiúin imeallaigh agus léireodh sí í féin ar mhodh nach ráthódh saol socair idir pháirteanna éagsúla an náisiúin.

Tugann na saothair liteartha, ó thaobh ábhair agus teanga de, eolas dúinn agus más loighciúil é is deacair é a mhíniú: braitheann scríbhneoirí na 19ú haois iad féin ina Sairdínigh agus ina nIodálaigh ag an am céanna. Agus roghnaíonn siad scríobh in Iodáilis. Tá sé deacair a smaoineamh go mbeadh idé féin an

tsairdínéachais pholaitiúil ann murach Enrico Costa (1841-1909) a luíonn isteach ar na Sairdínigh a *spreagadh* leis an *stair* a chuimhneamh i ngach aon rud dá scríobh sé. Mar sin féin, is in Iodáilis a scríobh Costa a shaothar iomadúil, idir stair agus litríocht agus thuairiscí ar thíreolaíocht na Sairdíne. Mar an gcéanna a rinne na scríbhneoirí eile i ré a raibh an Rómánsachas, athfhionnadh choincheap an *phobail*, agus idé an *náisiúin* suntasach ann.

Thosaigh an 20ú haois le húrscéalta agus le gearrscéalta Grazia Deledda (1871-1936), scríbhneoir a bhain Duais Nobel na litríochta i 1926, agus le dánta Sebastiano Satta (1867-1914): dhá mhodh éagsúla le hinmheánachas a chur in iúl in Iodáilis a raibh comhartha tréan na cruinne oileánaí air ós rud é gur rugadh agus tógadh na scríbhneoirí in a leithéid de chruinne.

Mar an gcéanna ag na scríbhneoirí – mar shampla: Emilio Lussu (1890-1975), Giuseppe Dessì (1909-1977), Salvatore Satta (1902-1975), Benvenuto Lobina (1914-1993), Sergio Atzeni (1952-1995) – a bhíodh i mbun oibre, agus a stil féin á forbairt ag gach duine acu agus snas á chur uirthi trí chomparáid le smaointe a rabhthas á gcur in iúl san Iodáil, san Eoraip agus ar fud an domhain, i gcéad leath na haoise, agus ansin sa dara leath nuair, i ndiaidh an Chogaidh Dhomhanda, cloachlaíodh Ríocht na hIodáile go Poblacht (1946) agus tugadh Reacht don tSairdín a dhaingnigh a féinrial speisialta (1948).

Ach seachas ar dhaoine aonair, is mó is ar threoccht a bhfuiltear ag cur síos san achoimre seo, ar chur in iúl *Weltanschauung* a bhfuil comhthréithe, coincheapa agus leaganacha cainte, nochtadh agus fí na dteangacha a úsáidtear sa tsaoil, sa bhéaloideas agus sa scríbhneireacht, sa smaoineamh agus sa ghuí le fáil ann.

Cuireann gach aon duine i gcéill, ar a dhóigh féin, féiniúlacht a d'eascair ó phróiseas mall an tsaoil, ó mhachnamh agus ó staidéar, féiniúlacht a fhobraíonn agus a fhairsingíonn, a athraíonn (agus a *chumann* í féin uaireanta) ag déanamh a mhóir de dheiseanna teagmhála agus aitheanta. Faoi dheireadh tuigtear go bhfuil gnéithe féiniúlachta níos leithne, níos iomadúla agus níos casta ann seachas iad siúd a bhaineann le stair gach pobail aonair agus go gcuidíonn siad le teorainneacha na dtíortha dúchais, idir bheag agus mhór, a leathnú.

Baineann idir Giuseppe Dessì agus Sergio Atzeni, mar shampla, a leithéid de chiall as téama na féiniúlachta: bhí an bheirt acu beo le díocas agus le réasúnacht agus iad ag smaoineamh ar an tSairdín agus á hinsint, ach níor staon siad riamh ó bhreathnú agus ó thuiscint an tsaoil taobh amuigh den Oileán. Mar gheall air seo, b'fhéidir, mar gheall air gurbh *Shairdínigh*, gurbh *Iodálaigh*, agus gurbh *Eorpaigh* iad, agus mar gheall air gur éirigh leo scéal a dhéanamh den achrann casta féiniúlachta seo, is mór an rian a d'fhág siad ar litríocht a linne.

De réir na n-eilimintí seo, tá stair chultúr agus litríocht na Sairdíneach mar a bheadh sórt ullmhúcháin faoi choinne na todhchaí: thug an chinniúint orthu an tosach a bhaint den domhandú, sracadh as a sráidbhaile féin agus teilgeadh isteach i ndomhan mór an chaidrimh idirnáisiúnta iad; tá cleachtadh fada acu ar dhéileáil le Féinícigh agus le Rómhánaigh, le Catalónaigh agus le hAragónaigh, le Píodmantaigh agus le hIodálaigh; tá cleachtadh fada acu ar a dteanga féin agus teangacha pobal eile a úsáid, ar staidéar a dhéanamh ar chultúr na náisiún an-chumhachtach mar bhíodh orthu caidreamh ba chasta ná an nascleanúint theileamatach a bheith acu leo; mar sin ní miste a rá go bhfuil siad in ann aghaidh a thabhairt ar dheacrachtáí an ama i láthair agus go bhfuil siad réidh don todhchaí. Ach gan dearmad a dhéanamh ar a stair agus múineadh a bhaint aisti.



## Cronologia/Croineolaíocht



## Dalle origini all’Ottocento

### *Ón Tús go dtí an Naoú hAois Déag*

IV sec.	EUSEBIO	<i>Epistolae ad Constantium, ad presbyteros et plebem Italiae, ad Gregorium episc. Spanensem</i>
	LUCIFERI CALARITANI	<i>Moriundum esse pro dei filio</i>
	LUCIFERI CALARITANI	<i>De Sancto Athanasio</i>
	LUCIFERI CALARITANI	<i>De non conveniendo cum haereticis</i>
XI sec.		<i>Carta scritta in caratteri greci</i>
XII sec.		<i>Passio di S. Antiooco</i>
		<i>Passio Sancti Lussori</i>
		<i>Passio sanctorum martyrum Gavini, Proti et Januari</i>
		<i>Passione di Sant’Antiooco</i>
		<i>Statuti di Castelsardo</i>
		<i>Statuti di Sassari</i>
		<i>La vita e l’ufficio di San Giorgio di Suelli</i>
		<i>Legenda Sancti Saturni</i>
		<i>Legenda Sanctissimi praesulis Georgii Suelensis</i>
XIII sec.		<i>Libellus Judicum Turritanorum</i>
1070-1216		<i>Carte Volgari di Cagliari</i>
XII-XIII sec.		<i>Condaghe di S. Maria di Bonárcado</i>
XII-XIII sec.		<i>Condaghe di S. Nicola di Trullas</i>
XII-XIII sec.		<i>Condaghe di San Gavino di Porto Torres</i>
XII-XIII sec.		<i>Condaghe di S. Pietro di Silki</i>
1318-1321		<i>Breve del porto di Cagliari</i>
1353	MARIANO IV	<i>Codice rurale</i>
1392?	ELEONORA D’ARBOREA	<i>Carta de Logu</i>
1004-1478		<i>Cartulari de Arborea</i>
XV sec.		<i>Registro di San Pietro di Sorres</i>
1400		<i>Laudario</i>
		<i>Laude de Nostra Signora de sa Rosa</i>
		<i>Laudes de sa Santa Rughe</i>
	ANTONIO CANO	<i>Sa vitta et sa morte et passione de Sancti Gavinu, Prothu et Januariu</i>
1550	RODERIGO HUNNO BAEZA	<i>Caralis panegyricus</i>

	PROTO ARCA	<i>De bello et interitu marchionis Oristanei</i>
	GIOVANNI FRANCESCO FARA	<i>De corographia Sardiniae</i>
	RODERIGO HUNNO BAEZA	<i>In dispar coniugium</i>
	GIOVANNI ARCA	<i>Naturalis et moralis historiae de rebus Sardiniae</i>
	SIGISMONDO ARQUER	<i>Sardiniae brevis historia et descriptio</i>
1556	GAVINO SAMBIGUCCI	<i>In hermathenam Bocchiam interpretatio</i>
		<i>Informacion y curacion de la peste de Çaragoza, y preservacion contra la peste en general</i>
1565	JUAN TOMAS PORCELL	
1570?	SIGISMONDO ARQUER	<i>Coplas al imagen del Crucifijo</i>
1571	ANTONIO LO FRASSO	<i>El verdadero discurso de la gloriosa victoria</i>
	ANTONIO LO FRASSO	<i>Los mil y dozientos consejos y avisos discretos</i>
1572	FRANCESCO BELLIT	<i>Capitols de Cort del estament militar de Sardenya</i>
1573	ANTONIO LO FRASSO	<i>Los diez libros de la fortuna d'amor</i>
1580	GIOVANNI FRANCESCO FARA	<i>De rebus sardois</i>
1582	GIROLAMO ARAOLLA	<i>Sa vida, su martiriu et morte dessos glorio- sos martires Gaviniu, Brothu et Gianuari</i>
1590?	GIOVANNI ARCA	<i>Barbaricinorum libelli</i>
1591	PIETRO GIOVANNI ARQUER	<i>Capitols de Cort del Estament militar de Sardenya ec., y de nou añadits y stampats los capitols dels parlaments reespectivament celebrats per los señors Don Joan Coloma y D. Miguel de Moncada</i>
1595	ANTIOCO BRONDO	<i>Historia y milagros de N. Señora de Buenayre de la Ciudad de Caller</i>
1596	PIETRO DELITALA	<i>Rime diverse</i>
1597	GEROLAMO ARAOLLA	<i>Rimas diversas spirituales</i>
1598	GIOVANNI ARCA	<i>De sanctis Sardiniae</i>
XVII sec.		<i>Canzoniere ispano-sardo</i>
1600	ANTIOCO DEL ARCA	<i>El saco imaginado</i>
	JUAN FRANCISCO CARMONA	<i>Passiòn de Christo nuestro Señor</i>
		<i>Rubrica de tots los reals privilegis concedits a la magnifica ciutat de Caller por los serenissimos Reys de Arago</i>
1603	PIETRO GIOVANNI ARQUER	
1612	ANTIOCO BRONDO	<i>Commentario sull'Apocalissi</i>
1627	JACINTO ARNAL DE BOLEA	<i>Encomiemos octavas al Torneo</i>
	GIAN MATTEO GARIPA	<i>Legendariu de santas virgines, et martyres de Jesu Christu. Hue si contenen exemplos admirabiles, necessarios ad ogni sorte de personnes, qui pretenden salvare sas animas insoro. Vogadas de Italianu in Sardu per</i>

		<i>Ioan Matheu Garipa Sacerdote Orgosolesu pro utile dessos devotos dessa natione sua. Andat dedicadu assas Iuvenes de Baunei, et Triei unu tempus Parrochianas suas in su Regnu de Sardigna</i>
1630?	GIOVANNI DEXART	<i>Discursos politicos de los Varones illustr. de Sardeña</i>
1631	JUAN FRANCISCO CARMONA	<i>Alabancas de los Santos de Sardeña</i>
	GIOVANNI DEXART	<i>Discursos y apuntamientos sobre la proposicion hecha en nombre de su Magestad a los tres Braços ecclesiastico, militar y real en 8 de henero de 1631 por Don Geronimo Pimentel marques de Vayona, virrey</i>
1633	GIOVANNI DEXART	<i>Pro marchionne de Villa Cidro, domino Encontratae de Planargia contra Promotorem fiscalem Mensae episc. Bosanensis</i>
1636	JACINTO ARNAL DE BOLEA	<i>El Forastero</i>
1638	SAVATORE VIDAL	<i>Urania sulcitana</i>
1639	FRANCISCO ANGELO DE VICO	<i>Historia general de la Isla y Reyno de Sardeña</i>
	SALVATORE VIDAL	<i>Madriperla serafica della vita et miracoli del B. Salvatore da Orta</i>
1640	FRANCISCO ANGELO DE VICO	<i>Leges y pragmaticas reales del reyno de Sardeña</i>
1641	GIOVANNI DEXART	<i>Capitula sive acta curiarum regni Sardiniae</i>
	SALVATORE VIDAL	<i>Clipeus Aureus excellentiae calaritanae</i>
1643	SALVATORE VIDAL	<i>Propugnaculum triumphale</i>
1644	SALVATORE VIDAL	<i>Respuesta al historico Vico</i>
1651	GIOVAN BATTISTA BURAGNA	<i>Batalla peregrina entre amor y fidelidad con portentoso triumpho de las armas de Espana etc.</i>
	GAVINO FARINA	<i>Medicinale patrocinium ad tyrones Sardiniae medicos, in quo natura febris Sardiniae provincias vexantis, causae, signa, prognostica et medendi methodus describitur eiusdemque Sardiniae calumnia quam a priscis meruit habere vindicatur</i>
1672	JOSÉ DELITALA Y CASTELVI	<i>Cima del monte Parnaso Espanol</i>
1680	JORGE ALEO	<i>Historia cronologica y verdadera de todos los successos y casos particulares sucedidos en la Isla y Reyno de Sardeña del año 1637 al año 1672</i>

JORGE ALEO		<i>Successos generale de la Isla y Reyno de Sardenia</i>
1687-1688	GIUSEPPE ZATRILLAS Y VICO	<i>Engaños y desengaños del profano amor</i>
1700?	MAURIZIO CARRUS	<i>Comedia de la Sacratissima Passion de nuestro Señor Jesu Christo sacada de los quatro Evangelistas</i>
1700?		<i>La Passion de Nuestro Señor Jesu Christo</i>
1702	PIETRO AQUENZA MOSSA	<i>Tractatus de febre intemperie, sive mutaciones vulgariter dicta Regni Sardiniae</i>
1709	VICENTE BACALLAR Y SANNA	<i>Los Tobias, su vida escrita en octavas rimas</i>
1714	VICENTE BACALLAR Y SANNA	<i>Description geographique, historique et politique du royaume de Sardaigne</i>
	VICENTE BACALLAR Y SANNA	<i>Palacio de Momo</i>
1719	VICENTE BACALLAR Y SANNA	<i>Monarchia hebrea</i>
		<i>Commentarios de la guerra de España y historia de su Rey Phelipe V el animoso desde el principio de su regnado hasta la paz general del año 1725</i>
1725	VICENTE BACALLAR Y SANNA	<i>Libro de gosos</i>
		<i>Las siete estrellas de la mano de Jesus.</i>
1732	ANTONIO MACCIONI	<i>Tratado historico de las admirabiles vidas y resplandores de virtudes de siete varones illustres de la compañía de Jesus, naturales de Cerdeña</i>
1736	GIOVANNI DELOGU IBBA	<i>Index libri vitae</i>
1750?	MATTEO MADAO	<i>Catalogo istorico di tutte le più illustri famiglie sarde</i>
1750?	GIOVANNI BATTISTA MADEDDU	<i>Comedia sacra a sa Resurrezione de Jesu Christu in sesta lyra sarda</i>
1750	MAURIZIO PUGIONI	<i>El barbiero</i>
	PIETRO CHESSA CAPPAl	<i>Historia de la vida y hechos de San Luxorio</i>
	MAURIZIO PUGIONI	<i>La vita di S. Luigi Gonzaga</i>
	ANTONIO SISCO	<i>Memorie pertinenti alle cose di Sardegna</i>
	ANTONIO SISCO	<i>Miscellanee edite e inedite di cose sarde</i>
	ANTONIO SISCO	<i>Notizie di cose sarde</i>
		<i>Obra poetica... Alegre, festiva y devota representación de algunas de las virtudes, y prodigios que por virtud divina obrò... el milagroso Beato Salvador de Horta</i>
1750?	GIOVANNI MARIA CONTU	
1760?	MATTEO MADAO	<i>Relazione sull'invasione del 1793 in Sardegna</i>
1765	GIAN BATTISTA VASCO	<i>De certitudine in quaestionibus facti...</i>
1770	MATTEO MADAO	<i>Ripulimento della lingua sarda</i>
1772	FRANCESCO CARBONI	<i>De sardoa intemperie</i>

	DOMENICO SIMON	<i>Trattenimento sulla sfera e sulla geografia</i>
	DOMENICO SIMON	<i>Trattenimento sulla storia sacra dalla creazione del mondo alla nascita di Gesù Cristo</i>
1774	FRANCESCO CARBONI	<i>La sanità dei letterati</i>
	GIUSEPPE COSSU	<i>Pensieri per resistere ai funesti effetti dell'abbondanza e della carestia</i>
	FRANCESCO CARBONI	<i>Poesie italiane e latine</i>
